**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000030/2023**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Sabine Verheyen**
thar ceann an Choiste um Chultúr agus um Oideachas

Ábhar: An straitéis Eorpach nua maidir le hidirlíon níos fearr do leanaí (BIK+)

Le deich mbliana anuas, tá úsáid níos déine á baint ag leanaí as an teicneolaíocht agus ag aois níos óige ná riamh. Cruthaíonn sé sin deiseanna, ach dúshláin freisin. Faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, ní mór leanaí a chosaint sa timpeallacht dhigiteach. Tá méadú mór tagtha ar fhoréigean agus ar chineálacha eile mí-úsáide gnéis agus ar chineálacha eile mí-úsáide in aghaidh leanaí le déanaí, agus tá tionchar mór aige sin ar shláinte fhisiciúil agus ar mheabhairshláinte na glúine níos óige. Ag an am céanna, tá seirbhísí sóisialta agus institiúidí cosanta thar a bheith neamh-inrochtana. Sin é an fáth ar chuir an Coimisiún straitéis nua Eorpach ar bun maidir le hidirlíon níos fearr do leanaí (BIK+), a théann i ngleic le roinnt saincheisteanna a bhí in easnamh ó straitéis BIK 2012 agus a bhfuil sé mar aidhm léi aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha. D'fhógair an Coimisiún go bhfuil trí cholún sa straitéis: 1) eispéiris dhigiteacha shábháilte do leanaí; 2) cumhachtú digiteach leanaí; agus (3) rannpháirtíocht ghníomhach leanaí.

1) Conas atá sé i gceist ag an gCoimisiún cabhrú leis na Ballstáit agus leis an tionscal na cuspóirí a leagtar amach i straitéis BIK+ a chur chun feidhme agus a áirithiú go leithdháilfear cistiú leordhóthanach chun tacú le beolínte, le línte cabhrach agus le hIonaid Idirlín Shábháilte ionas gur féidir leo na cuspóirí a leagtar amach sa straitéis a bhaint amach, go háirithe maidir le cosc, feachtais múscailte feasachta agus tacaíocht d'íospartaigh?

2) Conas a chothóidh an straitéis cur chuige cuimsitheach iomlánaíoch chun an deighilt dhigiteach a dhúnadh agus chun feabhas a chur ar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha, lena n-áirítear litearthacht sna meáin, i gcás leanaí, tuismitheoirí agus oideoirí, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas agus daoine ó chúlraí leochaileacha?

3) Conas atá sé beartaithe ag an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar bailiú sonraí uile-Eorpach agus taighde uile-Eorpach ar chláir choisc agus ar chláir chúnaimh d'íospartaigh agus ar ghníomhaíochtaí digiteacha leanaí, agus conas a ráthóidh sé go gcuirfear forbairtí teicneolaíochta nua san áireamh sna beartais agus sna tionscnaimh dhigiteacha a bheidh ann amach anseo?

4) Cén chaoi a bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún leanaí de gach aois a rannpháirtiú sa phróiseas faireacháin agus i gcur chun feidhme éifeachtach na straitéise?

Curtha síos:15.6.2023

Spriocdháta i gcomhair freagra:16.9.2023